C/2026/5941

6.11.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12470 — SUN PHARMA / ORGANON)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5941)

1. An 28 Deireadh Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Sun Pharma America, Inc. (na Stáit Aontaithe), faoi rialú Sun Pharmaceutical Industries Limited (in éineacht lena ghrúpchuideachtaí 'Sun Pharma', an India),

— Organon & Co. ('Organon', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Sun Pharma rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Organon ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta a phléann le leaganacha cineálacha de chógais speisialtachta é Sun Pharma atá liostaithe ar Stocmhalartán Náisiúnta na hIndia agus BSE Limited. Cuimsíonn a phunann an chairdeolaíocht, an tsíciatracht, an néareolaíocht, an ghaistreolaíocht, agus an deirmeolaíocht agus áirítear inti (i) táirgí cineálacha agus táirgí brandáilte cineálacha, (ii) táirgí speisialtachta agus casta, (iii) thar an gcuntar, (iv) frith-aisvíreasaigh agus (v) comhábhair ghníomhacha chógaisíochta. Tá deighleog cógas nuálacha ag Sun Pharma chomh maith. Tá láithreacht ag Sun Pharma in os cionn 100 tír agus tá saoráidí monaraíochta i gcúig mhór-roinn aici,

— Is cuideachta cúraim sláinte dhomhanda é Organon, atá liostaithe ar Stocmhalartán Nua-Eabhrac, atá dírithe go príomha ar shláinte na mban agus ar bhithshamhlacha, a sholáthraíonn réitigh le teiripí ar oideas agus feistí leighis. Tá os cionn 70 táirge i bpunann Organon, punann atá dírithe ar thrí phríomhcholún: sláinte na mban (lena n-áirítear frithghiniúint agus torthúlacht), bithshamhlacha (imdhíonacht agus oinceolaíocht) agus brandaí seanbhunaithe (go príomha táirgí paitinne ar baineadh na srianta paitinne díobh i réimsí teirpeacha ar nós an réimse cardashoithíoch, na riospráide agus na deirmeolaíochta). Tá láithreacht ag Organon i 140 tír agus tá saoráidí monaraíochta aici i gcúig mhór-roinn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12470 — SUN PHARMA / ORGANON

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË